# Éileamh ar Aisíocaíocht ar Cháin Bhreisluacha (CBL) arna tabhú ar Fhearas Taighde Liachta áirithe faoin Ordú Cánach Breisluacha (Aisíoc Cánach) (Uimh. 27), 1995

## 1. Sonraí an Chomhlachta ina Éilitheoir

Comhlánaigh an chuid seo i **mBLOCLITREACHA**

Ainm:

Seoladh:
(Eircode san áireamh)

UPSP / Uimhir Thagartha Cánach

Seoladh Ríomhphoist:

Uimhir Theileafóin:

Uimhreacha Idirnáisiúnta Chuntas Bainc (IBAN) (Uasfhad: 34 carachtar):

Cóid Aitheantais Bainc (BIC) (Uasfhad: 11 carachtar):

Ainm Shealbhóir an Chuntais:

Ainm agus Seoladh na hInstitiúide Taighde/an Chomhlachta Oideachais dar deonaíodh an Gléas nó an Fearas/dá bhfuil an Gléas nó an Fearas á dheonú (murab ionann é agus an ceann thuas)

## 2. Sonraí an Éilimh

Cur síos ar an nGléas nó ar an bhFearas:

Costas an Ghléis nó an Fhearais gan CBL a áireamh (ní mór gur mó an costas ná €25,390): €

Méid an CBL arna éileamh: €

## 3. Dearbhú

Is féidir pionós a ghearradh ar dhuine ar bith a thugann ráiteas bréagach go feasach ar mhaithe le haisíocaíocht CBL a fháil.

**Dearbhaím** leis seo:

(a) **Is 'comhlacht cáilitheach' mé** (.i. institiúid taighde nó ollscoil, coláiste, scoil, nó comhlacht oideachais cosúil le hollscoil, coláiste, scoil) agus tá an gléas nó an fearas atá sonraithe thuas á dheonú orainn ar mhaithe lena n-úsáid i dtaighde liachta i saotharlann, **nó** ☐

### ÚSÁID OIFIGIÚIL AMHÁIN

1. Uimh. an Bharántais:
2. Scrúdaithe ag:
3. Seiceáilte ag:
4. Méid Ceadaithe:

Uimh. an Chustaiméara:

Ar: / /

Ar: / /

RPC016228_GA_WB_L_2

**Go bhfuil an gléas nó an fearas thuasluaite deonaithe agam / á dheonú agam** do "chomhlacht cáilitheach" le húsáid ar mhaithe le taighde liachta i saotharlann ☐

(b) **Nílim i dteideal** asbhainte nó aisíocaíochta CBL faoi aon fhoráil den Acht Comhdhlúite Cánach Breisluacha 2010, nó faoi aon ionstraim, seachas faoin Ordú Cánach Breisluacha (Aisíoc Cánach) (Uimh. 27), 1995, arna déanamh faoi reacht arna riar ag na Coimisinéirí Ioncaim maidir le soláthar, fáil nó allmhairiú earraí laistigh den Chomhphobal i gcás gur earraí cáilitheacha earraí den sórt sin de bhun an Ordaithe sin

(c) Maidir leis na cistí a úsáideadh, nó atá le húsáid, chun an gléas nó an fearas a cheannach, nár cuireadh ar fáil iad nó nach bhfuil siad le cur ar fáil, go díreach nó go hindíreach, (i) ag an Stát, (ii) ag bord ar bith arna bhunú faoi reacht, (iii) ag údarás poiblí nó áitiúil ar bith, (iv) ag an "gcomhlacht cáilitheach", (v) ag comhlacht daoine ar bith a bhaineann leis an "gcomhlacht cáilitheach" i bhfeidhmiú saotharlainne taighde liachta, nó (vi) ag comhlacht daoine eile ar bith atá ag gabháil d'fheidhmiú saotharlainne taighde liachta

(d) Go bhfuil an gléas / an fearas nua agus go bhfuil sé deartha agus déantúsaithe lena úsáid i dtaighde liachta agus chuige sin amháin

(e) Gur mhol an tAire Sláinte go ndéanfaí aisíocaíocht

(f) Go bhfuil cáin íoctha agam a bhí inmhuirir an 27 Eanáir 1994 nó ina dhiaidh sin maidir liomsa ag soláthar earraí, ag fáil earraí laistigh den Chomhphobal, nó ag allmhairiú earraí ar earraí cáilitheacha earraí den sórt sin

Tá na sonraí ar fad atá tugtha san iarratas seo cruinn.

**Síniú** ______________ **Dáta** ___ / ___ / ___

**TÁBHACHTACH –** Léigh na nótaí seo **roimh** d'éileamh a sheoladh isteach

1. Ní mór don Bhord Taighde Sláinte, 73 Sráid an Bhagóid Íochtarach, Baile Átha Cliath 2 (Teil.: (01) 676 1176 nó Facs.: (01) 661 1856) moladh a dhéanamh, ag féachaint do riachtanais taighde liachta sa Stát, go mbeadh sé iomchuí aisíocaíocht CBL a dhéanamh faoin Ordú.
2. Ní dhéanfar an aisíocaíocht mura bhfuil an gléas nó an fearas nua agus mura bhfuil costas níos mó ná €25,390 (gan CBL a áireamh) i gceist leis.
3. Níl modhanna iompair incháilithe ar aisíocaíocht
4. Ní mór éilimh ar aisíocaíocht a dhéanamh laistigh de 4 bliana ó dheireadh na tréimhse incháinithe lena mbaineann an t-éileamh.
5. Ní mór gur cuireadh an gléas nó an fearas ar fáil trína dheonú.
6. Ní mór don pháirtí a d'íoc an CBL .i. an institiúid taighde / comhlacht oideachais nó an deontóir) an aisíocaíocht a éileamh.
7. **Deimhnigh** an méid seo a leanas **roimh** duit an fhoirm éilimh seo a chur isteach:
   - tá codanna 1 go 3 comhlánaithe agat.
   - tá an dearbhú i gcuid 3 sínithe agat.
   - tá an doiciméadú tacaíochta uile ceangailte agat .i. sonraisc bunaidh nó admhálacha maidir le CBL a íocadh ar earraí allmhairithe.
   - tá an moladh riachtanach ón mBord Taighde Sláinte ceangailte agat.
   - go bhfuil na sonraí soléite, dátaithe agus go léirítear an méid CBL iontu, mar aon le hainm, seoladh agus uimhir CBL an tsoláthraí agus cur síos imleor ar na hearraí agus na seirbhísí a sholáthraítear.
   - **go bhfuil fótachóipeanna de dhoiciméadú tacaíochta ceangailte más mian leat na doiciméid bunaidh a fháil ar ais.**

Is mar threoir amháin a thugtar an t-eolas sa doiciméad seo agus ní comhairle ghairmiúil í, ná comhairle dlí. Níor chóir glacadh leis go bhfuil an treoir cuimsitheach ná go dtugatar freagra críochnaitheach ann ar gach cás.

## Ba cheart Foirmeacha Éilimh, mar aon le doiciméadú tacaíochta a sheoladh chuig:

Rannóg an Ard-Bhailitheora, Oifig na gCoimisinéirí Ioncaim, Teach an tSáirséalaigh, Sráid Phroinséis, Luimneach, V94 R972. Teil: 01 738 3667

Is féidir tuilleadh cóipeanna den fhoirm seo a fhail ón seoladh thuas nó a íoslódáil ó Láithreán Gréasáin na gCoimisinéirí Ioncaim:**www.revenue.ie**

Bailíonn na Coimisinéirí Ioncaim cánacha agus dleachtanna agus feidhmíonn rialuithe Custam. Iarrann na Coimisinéirí Ioncaim ar chustaiméirí sonraí pearsanta áirithe a chur ar fáil chun na críocha seo agus chun críocha feidhmeanna reachtúla áirithe eile de réir mar a shannann an tOireachtas. Féadfaidh sé go ndéanfar do shonraí pearsanta a mhalartú le Ranna agus Gníomhaireachtaí eile Rialtais i gcúinsí áirithe nuair a fhoráiltear é seo le dlí. Tá polasaí cosanta sonraí na gCoimisinéirí Ioncaim agus eolas ar do chearta cosanta sonraí le fáil ar **www.revenue.ie.**